**CINNEADH (CBES) 2022/1971 ÓN gCOMHAIRLE**

**an 17 Deireadh Fómhair 2022**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 28 Feabhra 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/338 ([1]), lenar bunaíodh beart cúnaimh ag a bhfuil méid tagartha airgeadais EUR 450 000 000 atá beartaithe chun soláthar trealaimh mhíleata agus ardán míleata d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh a chumhdach.

(2) An 23 Márta 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/471 ([2]) lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 900 000 000.

(3) An 13 Aibreán 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/636 ([3]) lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 1 350 000 000.

(4) An 23 Bealtaine 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/809 ([4]) lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 1 840 000 000.

(5) An 21 Iúil 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1285 ([5]) lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338, lenar méadaíodh an méid tagartha airgeadais go EUR 2 330 000 000.

(6) I bhfianaise an fhogha armtha leanúnaigh atá á thabhairt ag Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin, ba cheart EUR 490 000 000 breise a chur leis an méid tagartha airgeadais.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/338 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Chun an cuspóir a leagtar amach i mír 2 a bhaint amach, maoineofar leis an mBeart Cúnaimh soláthar trealaimh mhíleata agus ardán míleata d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh chomh maith le trealamh míleata agus ardáin mhíleata arna ndeonú leis an tSaoráid Eorpach Síochána a chothabháil agus a dheisiú, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh, ag pearsanra míleata ar láithreáin mhíleata, nó i gcineálacha measctha comhair shibhialta-mhíleata nó i monarchana, arna iarraidh sin don Úcráin.";

([1]) Cinneadh (CBES) 2022/338 ón gComhairle an 28 Feabhra 2022 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh (IO L 60, 28.2.2022, lch. 1).

([2]) Cinneadh (CBES) 2022/471 ón gComhairle an 23 Márta 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh (IO L 96, 24.3.2022, lch. 43).

([3]) Cinneadh (CBES) 2022/636 ón gComhairle an 13 Aibreán 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun tacú le Fórsaí Armtha na hÚcráine (IO L 117, 19.4.2022. lch. 34).

([4]) Cinneadh (CBES) 2022/809 ón gComhairle an 23 Bealtaine 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthard'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, a cheaptar chun fórsa marfach a sheachadadh (IO L 145, 24.5.2022, lch. 40).

([5]) Cinneadh (CBES) 2022/1285 ón gComhairle an 21 Iúil 2022 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/338 maidir le beart cúnaimh faoin tSaoráid Eorpach Síochána chun trealamh míleata agus ardáin mhíleata a sholáthar d'Fhórsaí Armtha na hÚcráine, atá ceaptha chun fórsa marfach a sheachadadh (IO L 195, 22.7.2022, lch. 93)

(2) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. EUR 2 820 000 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá beartaithe chun an caiteachas a bhaineann leis an mBeart Cúnaimh a chumhdach.";

(3) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. I gcomhréir le hAirteagal 29(5) de Chinneadh (CBES) 2021/509, féadfaidh an riarthóir um bearta cúnaimh glao ar ranníocaíochtaí a dhéanamh tar éis ghlacadh an Chinnidh seo, suas go EUR 2 820 000 000. Ní úsáidfear na cistí a ghlaofaidh an riarthóir um bearta cúnaimh ach chun caiteachas a íoc laistigh de na teorainneacha arna bhformheas ag an gCoiste arna bhunú le Cinneadh (CBES) 2021/509 i mbuiséad leasaitheach 2022 agus sna buiséid do na blianta ina dhiaidh sin a chomhfhreagraíonn don Bheart Cúnaimh.";

(4) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Beidh an caiteachas a bhaineann leis an mBeart Cúnaimh a chur chun feidhme cáilithe amhail ón 1 Eanáir 2022 agus go dtí dáta a chinnfidh an Chomhairle. Is é EUR 450 000 000 a bheidh san uaschaiteachas incháilithe arna thabhú roimh an 11 Márta 2022. Beidh méid EUR 980 000 000 incháilithe ón 21 Iúil 2022. Beidh caiteachas a bhaineann le cothabháil agus deisiú incháilithe ón 17 Deireadh Fómhair 2022.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i Lucsamburg, an 17 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES